

Cás A

Is scoláire é Raj atá sa dara bliain i scoil mhór uirbeach. Rugadh Raj san India agus bhog a theaghlach go hÉirinn nuair a bhí sé ina leanbh óg. Tá grúpa cairde aige agus tá cur síos déanta ag a mhúinteoirí air mar bhuachaill ciúin ach a bhfuil gean air.

Le cúpla mí anuas, tá Zuri, cailín ina bhliain, tar éis a bheith ag spochadh as Raj. Thosaigh sé léi a rá rudaí faoi é a bheith ina 'Phacaí' agus í ag magadh faoi thurban a athar tar éis dó Raj a fhágáil ar scoil. Nuair a cheartaigh Raj Zuri, a rá léi gurb as an India dó ach gur fhás sé aníos in Éirinn, thosaigh Zuri agus a cairde ag gáire agus rinne siad aithris ar bhlas a athar.

Tá rudaí tar éis éirí níos meas de réir a chéile ó tharla an eachtra sin agus dá mhéad a thugann Raj neamhaird orthu, is ea is measa a bhíonn an chaoi a n-iompraíonn siad iad féin. Am ar bith a thógann Raj a lón amach tosaíonn siad ag cogarnach faoina bhia agus ag scigireacht. Go minic baineann siad pinse as Raj agus brúnn siad é nuair nach mbíonn an múinteoir ag féachaint. Tharla eachtraí den chineál céanna nuair a bhíonn Raj lasmuigh den scoil, mar go bhfuil roinnt de na cailíní ina gcónaí gar dó.

Tá athair Raj tar éis éirí an-íomách faoi, ní bhíonn a fhios acu cén chaoi a n-iompródh sé é féin sa bhaile. Dhiúltaíonn Raj anois bia traidisiúnta de chuid na hIndia a thabhairt isteach ar scoil le haghaidh lóin. Le déanaí, d'iarr Raj ar a athair gan teacht chuig geataí na scoile mar "bheadh sé níos éasca mura bhfeicfeadh sé tusa."

Cás B

Na cairde is fearr atá ag Lily ná Agnes, Ella agus Lorraine ó bhí siad sa bhunscoil, agus den chuid is mó breathnaítear ar an ngrúpa mar 'clique'. Mar a deir an ceann bliana, 'tá caidreamh teannasach acu leis an gcuid eile dá mbliain'. Trína caithimh aimsire agus spéiseanna, tá Lily tar éis cairdeas de chineál éigin a choinneáil le roinnt scoláirí eile ina bliain. De bharr caithimh aimsire agus spéiseanna éagsúla, tá na cailíní tar éis tosú ag 'dul ina mbealach féin.' Feiceann Lily ar na meáin shóisialta gur bhuaill na trí chailín le chéile an Satharn seo caite sa bhaile mór. Bhí Lily an-trí chéile agus bhí sí ag caoineadh sa bhaile an oíche sin. Téann a tuismitheoirí go dtí an ceann bliana agus deir siad go bhfuil bulaíocht á déanamh ag na cailíní ar Lily.

Deir na trí chailín leis an gceann bliana 'níl i gceist ach ní cairde muid a thuilleadh'. Deir siad leis an gceann bliana 'níor chóir go mbeimis i dtríoblóid toisc nach cairde muid le duine a thuilleadh'. An tráthnóna sin, faigheann Príomhoide na scoile glao fóin ó athair Ella leis an teachtaireacht chéanna agus cruinniú á lorg aige.

Cás C

Tá grúpa scoláirí sa 3ú bliain a imríonn cluiche ilimreoirí ar líne le chéile um thráthnóna sa bhaile. Ina measc tá cailín darb ainm Aoife atá sách nua ag imirt an chluiche. Tá imreoir eile, Ali, a bhíonn ag díriú go leanúnach ar Aoife i rith sheisiúin an chluiche. Bíonn sé ag spochadh as scileanna cluichíochta, agus tugann sé ainmneacha maslacha uirthi agus déanann sé beag is fiú di sa chomhrá poiblí sa chluiche.

Ní hamháin go maslaíonn Ali Aoife i rith an chluiche, ach glacann sé seatanna scáileáin di agus í ag imirt cluiche agus roinneann sé iad ar na meáin shóisialta ina mbíonn fotheidil ghránna agus mhaslacha ar nós 'níl aon mhaith i gcailíní aige seo'. Spreagann Ali cluichirí eile le bheith rannpháirteach sa 'mhagadh'. Mar thoradh ar an iompar seo, tosaíonn Aoife ag

fanacht glan go hiomlán ar an gcluiche a imirt. Éiríonn sí buartha faoi chaidreamh a dhéanamh leis an bpobal ar líne agus cailleann sí spéis i rud éigin a bhain sí taitneamh as i dtosach báire. Leis an gciapadh leanúnach seo ar líne, luíonn sé go mór ar fholláine mheabhrach Aoife. Tá drogall uirthi freastal ar scoil, a rá go bhfuil pian ina bolg/ tinneas cinn uirthi beagnach gach maidin.